

ELeathanach278

Dé Luain 27 Samhain 2017

Comórtas Amhránaíochta *Junior Eurovision*

Bhí an comórtas seo ar siúl i bpríomhchathair na Seoirsia, Tbilisi. Bhí clár teilifíse ar TG4 le mí anuas chun ionadaí na hÉireann a roghnú. Bhuaigh Muireann Mc Donnell an comórtas sin.

Dé Domhnaigh bhí Muireann in Tbilisi ar ár son. Chan sí an t-amhrán 'Súile Glasa'. Scríobh sí an t-amhrán í féin. Níor bhuaigh Muireann an comórtas áfach. Tháinig sí sa chúigiú háit déag.

Bhuaigh Polina Bogusevich ón Rúis an comórtas. Chan sí an t-amhrán 'Wings'.



Trá eile tar éis filleadh ar Oileán Acla

Níos luaithe i mbliana bhí alt san ELeathanach faoi Thrá Dumhach ar Oileán Acla i gContae Mhaigh Eo. Bhí an trá sin imithe agus ansin chuir an fharrage gaineamh ar ais.

Níos luaithe an mhí seo tharla an rud céanna le trá eile ar an oileán. Bhí Béal na hAisléime imithe le 12 bhliain anuas. Níl a fhios ag aon duine an bhfanfaidh an gaineamh an uair seo nó an imeoidh sé sna tonnta arís.



Aimsir an gheimhridh anseo!

Tá an geimhreadh ann anois go cinnte. An tseachtain seo thit an teocht ar fud na tíre agus bhí sé ag cur seaca cúpla oíche. I gCúigí Chonnacht agus Uladh thit an chéad sneachta sa geimhreadh.

Dé Céadaoin, bhí báisteach throm ag titim an lá ar fad. I Móinteach Mílíc i gContae Laoise, bhí tuillte uafásacha acu. Bhris trí abhann thar a mbruacha amach. Bhí a lán tithe faoi uisce sa bhaile sin.

Ciallaíonn Móinteach talamh íseal in aice le habhann.



Éire rathúil sa rugbaí - arís

Bhí an bua ag foireann rugbaí na hÉireann arís Dé Sathairn. Bhí an cluiche ar siúl sa staid Aviva i mBaile Átha Cliath. Bhí siad ag imirt i gcoinne fhoireann na hAirgintíne.

Agus tá réalta nua rugbaí againn. Fuair an tUltach óg Jacob Stockdale dhá úd sa chluiche, ceann i ngach leath.

Thosaigh na hÉireannaigh go han-mhaith. Bhí siad i gceannas don chuid is mó den chluiche ach lig siad do na hAirgintínigh teacht ar ais ag an deireadh. 28-19 an scór deiridh a bhí ann. Sin trí chluiche as a chéile a bhuaigh an fhoireann sna geansaithe glasa.

Tá an Airgintín i Meiriceá Theas. Buenos Aires is ainm don phríomhchathair. Sa naoú céad déag chuaigh a lán daoine as Éirinn ar imirce go dtí an Airgintín. Ba as an Iarmhí agus Loch Garman a lán acu. Bhí an Gorta Mór ar siúl anseo ag an am (1845-48).

